C/2024/7386

6.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7386)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Tihany / Tihanyi'

PDO-HU-A1503-AM02

Dáta na teachtaireachta: 27.9.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Méadú ar an gceanglas maidir le haigéadacht íosta**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal II. Tuairisc ar na fíonta (pointe 4 den doiciméad aonair)

Cúiseanna: Le leibhéal níos airde aigéadachta, áirithítear úire agus beogacht fhíonta rosé Tihanyi.

2. **Laghdú ar an gceanglas maidir le neart alcóil iomlán íosta**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal II. Tuairisc ar na fíonta (pointe 4 den doiciméad aonair)

Cúiseanna: Le neart alcóil níos ísle, áirithítear úire agus beogacht fhíonta rosé Tihanyi.

3. **Údarú chun fíon a dhéantar go heisiach as cineál fíonchaor syrah a chur ar an margadh**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (ní dhéanann sé seo difear don doiciméad aonair)

Cúiseanna: Chun freastal ar éileamh an mhargaidh, is mian linn cead a thabhairt fíon a dhéantar go heisiach as an gcineál fíonchaor syrah a chur ar an margadh tríd an gceanglas seo a leanas a scriosadh: Ní fhéadfar fíon a dhéantar as an gcineál fíonchaor syrah a chur ar an margadh ach amháin nuair a dhéantar é a chumasc le fíonta a dhéantar as cineálacha fíonchaor eile.

4. **Na ceanglais chéanna a bhfuil feidhm acu maidir le cineálacha fíonchaor comhchosúla a chur i bhfeidhm maidir leis an gcineál fíonchaor pinot noir**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (pointe 5.1.3 den doiciméad aonair)

Cúiseanna: Is mian linn na coinníollacha táirgeachta a chomhchuibhiú agus a shimpliú tríd an gcineál fíonchaor pinot noir a chur faoi réir na gceanglas céanna leis na ceanglais le haghaidh fíonta a dhéantar as na cineálacha kékfrankos, kékoportó agus zweigelt. Scriosadh na ceanglais maidir le cáilíocht fíonchaor a chinneadh tráth na buainte ar ceanglais iad a bhí leagtha síos roimhe seo don chineál pinot noir.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

5. **An ceanglas go gcinnfeadh giúistís an phobail fíona dáta na buainte a scriosadh**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (ní dhéanann sé seo difear don doiciméad aonair)

Cúiseanna: Mar thoradh ar an scriosadh sin, tugaimid an deis d'fhíonlanna dáta na buainte féin a chinneadh, ach sin faoi réir seiceálacha, de réir an chineáil táirge ar mian leo é a tháirgeadh.

6. **Méadú ar an uastáirgeacht de bharr athruithe ar dhlús fíniúnacha**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal V. Uastáirgeachtaí (pointe 5.2 den doiciméad aonair)

Cúiseanna: Tá athrú suntasach tagtha ar dhlús fíniúnacha sa limistéar táirgeachta mar thoradh ar an gclár athstruchtúrúcháin le blianta beaga anuas. Rialaítear an t-uaschaillteanas fíniúnacha is incheadaithe leis an reachtaíocht. Níor athraíodh an t-ualach fíniúna a chuirtear in iúl sa tsonraíocht táirge bhunaidh.

7. **Táirgeadh a shrianadh do réigiún fíona Balatonfüred-Csopak**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

Cúiseanna: Trí limistéar táirgeachta an táirge a shrianadh, cuideofar le trédhearcacht seiceálacha a fheabhsú, ar mhaithe le cosaint agus cáilíocht a chothabháil.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Tihany / Tihanyi

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath na bhfíonta rosé sa raon ó bhándearg éadrom, trí corcairghorm éadrom, go dath éadrom an bhradáin (craiceann an oinniúin).

Saintréith dá gcumhracht is ea dea-bholaithe torthaíocha ina bhfuil déine mheasartha.

Bíonn a mblas úr, agus aigéadacht ghléineach ann agus gan aon rian de dhea-bholaithe agus de bhlasanna a thagann ó aosú i mbairillí.

Ceanglais anailíseacha:

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i Rialacháin an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta dearga*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta dearga úra, torthaíocha:

Bíonn dath na bhfíonta sa raon ó dhath éadrom an rúibín, trí dhath níos láidre an rúibín, go dath dorcha an rúibín.

Bíonn a gcumhracht an-torthaíoch agus, i gcásanna áirithe, bíonn dea-bholaithe spíosracha orthu.

Bíonn blas úr torthaíoch orthu agus aigéadacht ghléineach ann mar aon le himreacha darach agus tainnine, agus, de ghnáth, bíonn neart alcóil íseal agus struchtúr mín acu.

Fíonta dearga meán-tathagacha agus lán-tathagacha:

Bíonn dath na bhfíonta sa raon ó dhath níos láidre an rúibín, trí dhath dorcha an rúibín, go dath éadrom an ghairnéid.

Bíonn a gcumhracht an-spíosrach agus torthaíoch.

Le cois a gcarachtair thorthaíoch nó a gcarachtair mhianrach i gcásanna áirithe, bíonn neart alcóil meánach acu, sin nó neart alcóil ard uaireanta. De ghnáth bíonn struchtúr mín acu. Is é an príomhbhua atá acu nach bhfuil an cion tainnine an-tréan fiú i gcás na *cuvées*.

Ceanglais anailíseacha:

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i Rialacháin an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Srianta ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

    1. Maidir le fíonchaora le haghaidh táirgeadh fíona de thionscnamh faoi chosaint, ní mór iad a phróiseáil ar an lá a bhuaintear iad. Ní mór na fíonchaora a phróiseáil ar leithligh ó fhíonchaora eile.

    2. Agus fíonta de thionscnamh faoi chosaint á dtáirgeadh, ní cheadaítear méid siúcra an úrfhíona a mhéadú, ach amháin i gcás na gcineálacha seo a leanas: kékfrankos, zweigelt, kékoportó agus pinot noir.

    3. Le linn fíon dearg a tháirgeadh, tá coipeadh ar chraicne agus aibiú i mbairillí adhmaid éigeantach.

2. Rialacha maidir le táirgeadh fíonchaor

Cleachtais saothraithe

(a) Modh saothraithe fíniúna agus dlús plandaithe:

(i) fíonghoirt nua: tródam (íseal, meán-ard, ard)

(ii) dlús plandaithe: 4 000 fíniúin/ha ar a laghad

(iii) an t-achar íosta idir na fíniúnacha: 0,8 m

(iv) i gcás fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Eanáir 2009, féadfar fíonta Tihanyi a dhéanamh as fíonchaora a tháirgtear i bhfíonghoirt ina n-úsáidtear aon mhodh saothraithe agus dlús plandaithe a formheasadh roimhe sin fad a leantar den táirgeadh san fhíonghort.

(b) Modh buainte: ceadaítear buaint de láimh agus buaint mheicniúil araon

3. Cáilíocht na bhfíonchaor tráth na buainte

Cleachtais saothraithe

Cáilíocht fíonchaor (méid íosta siúcra arna shloinneadh mar neart alcóil iomlán):

(i) cabernet franc, cabernet sauvignon, merlot, syrah: 12,08 % de réir toirte (19 °MM [Grád úrfhíona na hUngáire])

(ii) kékfrankos, kékoportó, zweigelt, pinot noir: 10,97 % de réir toirte (17.5 °MM [Grád úrfhíona na hUngáire])

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon rosé, dearg (fíon nua ar mhoirt)

63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíon rosé, dearg

9 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Limistéir bhardas Tihany a aicmítear mar Aicme I de réir chadastar an fhíonghoirt

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

cabernet franc – cabernet

cabernet franc – carbonet

cabernet franc – carmenet

cabernet franc – gros cabernet

cabernet franc – gros vidur

cabernet franc – kaberne fran

cabernet sauvignon

kékfrankos – blauer lemberger

kékfrankos – blauer limberger

kékfrankos – blaufränkisch

kékfrankos – limberger

kékfrankos – moravka

kékoportó - blauer portugieser

kékoportó - modry portugal

kékoportó - portugais bleu

kékoportó - portugalske modré

kékoportó - portugizer

merlot

pinot noir – blauer burgunder

pinot noir – kisburgundi kék

pinot noir – kék burgundi

pinot noir – kék rulandi

pinot noir – pignula

pinot noir – pino csernüj

pinot noir – pinot cernii

pinot noir – pinot nero

pinot noir – pinot tinto

pinot noir – rulandski modre

pinot noir – savagnin noir

pinot noir – spätburgunder

syrah - blauer syrah

syrah - marsanne noir

syrah - serine noir

syrah – shiraz

syrah - sirac

zweigelt – blauer zweigeltrebe

zweigelt – rotburger

zweigelt – zweigeltrebe

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá struchtúr aigéid léiritheach aibí agus blas mianrach láidir na bhfíonta ann de thoradh ar chion ard mianrach ithir Leithinis Tihany. Le solas na gréine a fhrithchaitear ar ais ón loch éadomhain, téitear na fánaí go cothrom san earrach, rud a áirithíonn dálaí comhsheasmhacha ar fud na tréimhse bachlaithe. Ós rud é go dtarlaíonn an lá deiridh seaca go luath i Leithinis Tihany, is lú an riosca atá ann go mbeidh sioc an earraigh sa réigiún fíona; dá bhrí sin, bíonn fás péacán cothrom agus forbraíonn dromchla duilliúir mór go leor gach bliain, rud a fhágann go n-aibítear na fíonchaora ar an mbealach is fearr.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe: limistéar críochaithe réigiún fíona Balatonfüred-Csopak.

Rialacha maidir le tásca

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

(a) Féadfar aon athrú ar ainm aonaid gheografaigh níos lú lena n-áirítear an iarmhír '-i' le haghaidh díorthú aidiachta san Ungáiris a úsáid mar thásc.

(b) Féadfar an focal 'rosé' a chur in ionad an fhocail 'rozé'.

(c) Féadfar 'Küvé' nó 'cuvée' a úsáid chun fíon a chur in iúl a tháirgtear trí dhá chineál fíonchaor nó níos mó a chumasc.

(d) Féadfar an nath 'védett eredetű bor' [fíon de thionscnamh faoi chosaint] a úsáid in ionad an natha 'oltalom alatt álló eredetmegjelölés' [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint].

(e) Ní mór bliain an fhíona, agus an cineál nó an focal 'küvé' a chur in iúl ar an lipéad.

(f) Ní fhéadfar an focal 'barrique' a úsáid ach ar fhíonta dearga a aibítear i mbairillí darach ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad.

g) Ní mór an lógó seo a leanas a chur ar lipéad fhíon Tihanyi.

h) Na haonaid gheografacha is lú a fhéadfar a chur in iúl agus na coinníollacha a ghabhann lena n-úsáid:

  (i) Farkasverem dűlő

  (ii) Lapi dűlő

  (iii) Hosszúhegy

  (iv) Ráta dűlő

  (v) Óvári szőlők

  (vi) Cserhegy

  (vii) Má chuirtear ainm an cheantair in iúl ar an lipéad, ní mór gur de thionscnamh an cheantair a chuirtear in iúl 100 % de na fíonchaora a úsáidtear mar amhábhar le haghaidh an fhíona.

Téarmaí traidisiúnta faoi chosaint

Creat dlíthiúil:

I Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma traidisiúnta seo a leanas a úsáid mar chomhchiallach leis an téarma 'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint': 'védett eredetű bor' [fíon tionscnaimh faoi chosaint]

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/download/f/f2/f2000/Tihany%20OEM%20term%C3%A9kle%C3%ADr%C3%A1s%202%20v%C3%A1ltozat%202017%20kn.pdf